



An Bhruiséil, 13 Márta 2022
(OR. en)

7099/22

AGRI 85
AGRIORG 26
AGRIFIN 25

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún maidir le bearta atá a mbreithniú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le staid an mhargaidh agus leis an tslándáil bia i ndiaidh an ionraidh ar an Úcráin

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad tá páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún maidir le bearta atá a mbreithniú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le staid an mhargaidh agus leis an tslándáil bia i ndiaidh an ionraidh ar an Úcráin.

Páipéar leathoifigiúil: Bearta atá a mbreithniú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le staid an mhargaidh agus leis an tslándáil bia i ndiaidh an ionraidh ar an Úcráin

Tá iarmhairtí tromchúiseacha ag an ionradh ar an Úcráin ag an Rúis ar an soláthar bia domhanda agus Eorpach agus cuirfidh sé leis an staid dhúshlánach atá ann cheana d'fheirmeoirí na hEorpa, de bharr praghsanna ionchuir níos airde.

Tabharfaidh an Coimisiún freagairt mhionsonraithe ar an staid sa **Teachtaireacht** atá le teacht **maidir le slándáil bia agus athléimneacht na gcóras bia a neartú** a chuirfear i láthair sna seachtainí amach romhainn.

I measc na mbealaí éagsúla a rinneadh a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar an gcás criticiúil sin:

- Tá dhá bheart tacaíochta don mhargadh á meas ag an gCoimisiún:
 - Beart faoi **Airteagal 219 den Rialachán maidir le CEM.**
 - Beart faoi **Airteagal 17 den Rialachán maidir le CEM** chun cabhair stórála príobháidí a thabhairt isteach don earnáil muiceola.
- Tá machnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gceanglas atá ar na Ballstáit sonraí míosúla de stoic phríobháideacha de thráchtearraí riachtanacha le haghaidh bia agus beatha a chur in iúl.
- Tá an Coimisiún ag smaoineamh ar chead a thabhairt talamh a fhágтар bán i limistéir **ina ndírítear ar an éiceolaíocht a úsáid le haghaidh innilte nó táirgeadh barraí próitéine i gcomhréir le conclúidí EUCO.**
- Tá an Coimisiún réidh **foráil a dhéanamh do leibhéil mhéadaithe réamhíocaíochtaí** d'íocaíochtaí díreacha agus de bhearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéir agus le hainmhithe **a íoc d'fheirmeoirí** ón 16 Deireadh Fómhair 2022.

- Chun go mbeidh na Ballstáit in ann an suaitheadh tromchúiseach ar an ngeilleagar a d’eascair as fogha míleata na Rúise faoin Úcráin a leigheas, tá an Coimisiún ag dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir lena riachtanaí atá **Creat Sealadach Géarchéime** nua, neamhspleách agus maidir le raon feidhme an Chreata sin. Tá ceist na státchabhrach d’earnáil na talmhaíochta mar chuid den chomhairliúchán sin freisin.

Tháinig réimse leathan fadhbanna chun cinn mar gheall ar an ngéarchéim a raibh tionchar acu ar thrádáil táirgí agraibhia laistigh agus lasmuigh den Aontas agus ar infhaighteacht ionchur lárnach. Leanann an Coimisiún de bheith i dteagmháil leis na geallsealbhóirí agus na Ballstáit ar bhonn laethúil chun teacht ar réitigh ar na fadhbanna sin, go háirithe chun teacht ar na solúbthachtaí agus soiléirithe is gá.
